# SLÁNDÁIL TÍ

## *Dúshlán an tSeicliosta*

An Garda Síochána

Chun teacht ar eolas breise, tabhair cuairt ar www.garda.ie nó déan teagmháil le d'Oifigeach Coiscthe Coireachta áitiúil. HS1

Tá measúnú slándála tí bunriachtanach chun laigí i do shlándáil fhisiciúil a shainaithint a d'fhéadfadh deis gan stró a thabhairt coir a dhéanamh. Cé nach féidir le rud ar bith do theach a dhéanamh go hiomlán sábháilte ó bhuirgléirí, beartaítear go gcruthóidh na seiceálacha seo sraitheanna slándála ar féidir leo dóchúlacht go dtarlóidh coir a laghdú, má chuirtear i bhfeidhm iad, agus é a dhéanamh níos deacra bealach a bhriseadh isteach i do theach. Trí beagán ama agus airgid a chaitheamh, is féidir an dóchúlacht a laghdú go ndéanfar íospartach buirgléireachta díot.

Taitníonn deiseanna furasta le buirgléirí. Más gá dóibh go leor torainn a dhéanamh, go leor ama a chaitheamh, nó má bhíonn an baol ann go bhfeicfear iad, is é is dóichí nach mbacfaidh siad. Treoir ghinearálta mhaith é an tástáil mhoille 3 nóiméad.

Más féidir leat iontráil a dhiúltú dóibh ar feadh 3 nóiméad nó níos faide – is dóchúil go n-imeoidh na buirgléirí go háit eile.

Tabhair faoi dhúshlán an tseicliosta seo lena dheimhniú cé chomh slán atá do theach in aghaidh buirgléireachta.


Tabhair neamhaird ar cheisteanna nach mbaineann le do theach féin. Cuimhnigh, bagraíonn gach freagra DIÚLTACH ar shlándáil do thí.

## *Comharsana*



| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An bhfuil comharsa iontaofa agat ar féidir leat iad a chur ar an eolas ar do phleananna taistil agus eochair a thabhairt dóibh agus iarraidh orthu an teach a sheiceáil ó am go chéile? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil comharsa agat a bhaileoidh do phost nó nuachtáin nuair a bhíonn tú as baile nó an mbaineann tú úsáid as MailMinder a chuireann An Post ar fáil? | ☐ | ☐ |
| An iarrann tú ar do chomharsa a g(h)luaisteán breise a pháirceáil i do chabhsán nuair a bhíonn tú as baile? | ☐ | ☐ |
| An socraíonn tú go mbainfear an féar i do ghairdín? | ☐ | ☐ |
| An gcuireann tú na Gardaí ar an eolas nuair a bhíonn tú as baile ar feadh i bhfad? | ☐ | ☐ |
| An ball de scéim um chosc na coireachta sa phobal thú (Faire Comharsanachta, Pobal ar Aire, etc.)? | ☐ | ☐ |

## *Slándáil Taobh Amuigh*



| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An bhfuil do theach infheicthe ón tsráid? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil dóthain solais timpeall do thí lena cheadú aon áiteanna dorcha a fheiceáil timpeall air? | ☐ | ☐ |
| Is there sufficient external lighting outside every door to illuminate visitors? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil dóthain soilse lasmuigh de gach doras le solas a chaitheamh ar chuairteoirí? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil radharc glan ag comharsana agus daoine a ghabhann thar do theach ar do theach? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil na fálta agus na toir go léir gearrtha agat chun nach ndéanann siad buirgléir atá ag iarraidh an teach a iontráil trí na fuinneoga agus na doirse a cheilt? | ☐ | ☐ |
| Ar shiúil tú timpeall do thí riamh chun bealaí a aimsiú trína bhféadfadh buirgléir an teach a iontráil? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil uirlisí nó dréimirí, etc. á gcoimeád agat in áiteanna nach bhfuil teacht ag buirgléirí féideartha orthu? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil do sheid / gharáiste slán? | ☐ | ☐ |

# Doirse & Fuinneoga



| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An bhfuil do dhoirse seachtracha go léir feistithe i gceart agus an bhfuil córais shlána ghlasála orthu? (i.e. glais mhoirtíse 5 luamhán ar dhoirse adhmaid, glasáil ilphointe ar dhoirse uPVC etc.) | ☐ | ☐ |
| Má tá doirse ina bhfuil painéil ghloine agat – an bhfuil siad neartaithe ar bhealach éigin chun nach féidir smidiríní a dhéanamh díobh? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil gloine iniúchta ar uillinn leathan i do dhoras tosaigh/do phríomhdhoras isteach nó bealach eile ann chun daoine a thugann cuairt ar an teach a fheiceáil? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil slabhra / teorantóir dorais feistithe agus an úsáideann tú é? | ☐ | ☐ |
| Ó bhog tú isteach i do theach (nuair a d'fhéadfadh duine/daoine eile cónaí ann roimhe sin) ar athraigh tú na glais? | ☐ | ☐ |
| An gcoimeádtar d'eochracha breise le comharsa iontaofa, seachas iad a choimeád faoi mhata, pota bláthanna etc. taobh amuigh riamh? | ☐ | ☐ |
| An gcuireann tú do dhoirse seachtracha faoi ghlas nuair a bhíonn tú as baile, is cuma a laghad ama a bhíonn tú as baile | ☐ | ☐ |
| An gcuireann tú na doirse faoi ghlas nach mbíonn radharc agat orthu nuair a bhíonn tú ag oibriú sa ghairdín / sa chlós? | ☐ | ☐ |
| Ar chuir tú gla(i)s b(h)reise ar do dhoirse gloine / paitió sleamhnáin? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil doirse an gharáiste / an chró á gcosaint le glais nó glais chaocha bholta? | ☐ | ☐ |
| An ndéanann tú doirse do gharáiste/chró a dhúnadh agus a chur faoi ghlas? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil d'fhuinneoga go léir slán? | ☐ | ☐ |
| An féidir oscailtí na bhfuinneog a shrianadh ar mhaithe le haerú? | ☐ | ☐ |
| An seiceálann tú go bhfuil na fuinneoga go léir slán nuair a fhágann tú do theach? | ☐ | ☐ |

# Slándáil Leictreonach



| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An bhfuil córas aláram ionraidh no córas CCTV feistithe agus an úsáideann tú é? | ☐ | ☐ |
| An mbaineann siad na caighdeán idirnáisiúnta aitheanta amach? | ☐ | ☐ |
| An ndéantar é a chothabháil agus a sheirbhísiú gach bliain? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil a fhios agat conas feidhmeanna d'aláraim nó do chórais CCTV a oibriú agus a úsáid? | ☐ | ☐ |
| Ar smaoinigh tú faoi é a cheangal le hionad monatóireachta nó le do ghuthán póca? (Mura bhfuil clúdach ag do ghuthán, cé a chuirfear ar an eolas i gcás go bhfuaimneofar an t-aláram)? | ☐ | ☐ |
| Ar ainmnigh tú sealbhóir(í) eochrach agus an bhfreagróidh siad go cuí má fhuaimneofar an t-aláram? | ☐ | ☐ |

# Slándáil Taobh Istigh



| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An iarrann tú ar aitheantas sula dtugann tú cead isteach i do theach do cheardaithe / dhaoine a thugann cuairt ar do theach? | ☐ | ☐ |
| An seachnaíonn tú airgead tirim a fhágáil sa bhaile? | ☐ | ☐ |
| An bhfuil amadóirí uathoibríocha agat ar roinnt soilse nuair a bhíonn do theach folamh? | ☐ | ☐ |
| An mbíonn an chuma air go bhfuil duine éigin i do theach i gcónaí? | ☐ | ☐ |
| Ar chuir tú sraithuimhreacha d'earraí luachmhara i gcuntas? | ☐ | ☐ |
| Ar ghlac tú grianghraif, ar mhaithe le hiad a aithint, d'earraí luachmhara, go háirithe earraí nach bhfuil sraithuimhreacha agat dóibh, cosúil le seodra, soithí poircealláin, pictiúir, seandachtaí, etc.? | ☐ | ☐ |
| An gcoimeádtar eochracha do ghluaisteáin / thí in áit nach féidir iad a fheiceáil ón taobh amuigh? | ☐ | ☐ |